

# Pádraig Ó hIrighile 1923-2008

Pádraig Ó hIrighile (1923-2008)

Dochtúir teaghlaigh ó Chontae an Chláir ab ea é Patrick Hillery a bhí ina Theachta Dála ar feadh na mblianta. Ball an-sinsearach de chuid Fhianna Fáil é a raibh baint lárnach aige i bhfeachtas na hÉireann ballraíocht a fháil i gComhphobal Eacnamaíochta na hEopra (EEC). Ceapadh ina chéad Choimisinéir Eorpach Éireannach é. Ba é an séú hUachtarán ar Éirinn é tar éis do Chearbhall Ó Dálaigh éirí as an Uachtaránacht go hachrannach. Throid Hillery do phá comhionainn do mhná agus d'fhir, cearta d'oibrithe faoi mhíchumas agus oideachas saor in aisce do chách. Tá lorg an-dearfach fágtha aige ar an tír dá bharr.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Féach ar an bhfíseán ar Patrick Hillery. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

| | | |
|---|---|---|
| Cailleadh Patrick Hillery sa bhliain 2008 | **F** | |
| Rinne Hillery idirbheartaíocht ar son na hÉireann a bheith mar chuid de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa | | |
| Chuaigh Éire isteach sa Chomhphobal roimh an mBreatain | | |
| Vótáil 33% de mhuintir na hÉireann dul isteach sa Chomhphobal i reifreann | | |
| Bhí Gearmáinis líofa ag Hillery | | |
| D'oibrigh sé go dian chun cuidiú le hoibritheoirí faoi mhíchumas a gcearta a bhaint amach | | |
| Rinne Hillery cinnte de go mbeadh pá comhionainn ag fir agus ag mná ar an obair chéanna | | |
| Bhí sé ina chéad Choimisinéir Éireannach sa Chomhphobal | | |
| Theastaigh ó Hillery go mothódh Muintir na hÉireann an-cheangailte leis an Eoraip | | |
| Níor ghlac Hillery le hUachtaránacht na hÉireann | | |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Anois, léigh an t-alt seo faoi Patrick Hillery
agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

Rugadh Patrick Hillery sa bhliain 1923 i Sráid na Cathrach i gContae an Chláir, an tríú páiste de cheathrar ag an Dochtúir Michael Hillery agus a bhean chéile Ellen. Teaghlach tábhachtach i Sráid na Cathrach a bhí iontu. Dochtúir an bhaile ab ea Michael Hillery agus thug sé cúnamh leighis do bhaill an IRA le linn Chogadh na Saoirse. Bhí luí ag Muintir Hillery leis an bPoblachtánachas cé nár ghlac siad ról gníomhach sa Chogadh Cathartha.


Cuireadh Patrick Hillery ar an mbunscoil áitiúil agus ar aghaidh ansin leis go dtí an mheánscoil phríobháideach Rockwell College. Ní raibh oideachas saor in aisce ar an dara leibhéal ann an t-am sin agus dúirt Hillery go minic go raibh brón air nár éirigh le daoine áitiúla ar a aithne na deiseanna oideachais céanna a fháil agus a fuair sé féin. Bhí coinsisas sóisialta ag Hillery riamh anall.

D'fhreastail Hillery ar Choláiste na hOllscoile, BÁC, áit a ndearna sé staidéar ar an leigheas. Chaith sé tréimhsí ag obair in ospidéil éagsúla i mBÁC agus bliain i gCeanada freisin. Tháinig sé abhaile go Sráid na Cathrach agus thosaigh sé ag obair lena athair sa chlinic a bhí acu. Ghlac sé seilbh air nuair a fuair a athair bás sna caogaidí. Cuireadh ina luí air dul isteach sa pholaitíocht le linn olltoghchán na bliana 1951 agus d'éirigh leis suíochán a bhaint amach d'Fhianna Fáil. Ba shin tús a shaoil pholaitíochta.

Sa bhliain 1959 cheap ceannaire nua Fhianna Fáil, Seán Lemass, Hillery ina Aire Oideachais. Bhí ar Hillery éirí as an leigheas nuair a ceapadh ina Aire Stáit é. Bhí díomá air go deireadh a shaoil faoi sin. Cé go n-aithnítear Donagh O'Malley as an oideachas dara leibhéal saor ina aisce a thabhairt isteach ba é Hillery a leag an cosán síos dó agus a thosaigh an t-ullmhúchán ar fad chuige. Chreid Hillery go láidir i gcumhacht an oideachais chun cuidiú leis an ngnáthdhuine dul chun cinn a dhéanamh sa saol. D'éirigh leis an córas bunscolaíochta agus meánscolaíochta in Éirinn a chlaochlú ó bhonn.

Cheap Lemass Hillery ina Aire Tráchtála agus Tionsclaíochta sa bhliain 1965. Sa bhliain 1966 rinne Lemass iarracht Hillery a spreagadh glacadh le ceannaireacht Fhianna Fáil ach ba é Jack Lynch a tháinig i gcomharbacht ar Lemass nuair a d'éirigh sé as an bpolaitíocht. Sa bhliain 1969 ceapadh Hillery ina Aire Gnóthaí Eachtracha le linn na dTrioblóidí agus le linn Ghéarchéim na nArm. Ról an-tábhachtach a bhí ann ag am an-chinniúnach. Thacaigh sé go mór le Lynch le linn na Géarchéime sin. Agus é sa Roinn Gnóthaí Eachtracha chuir sé dlús faoi fheachtas na hÉireann ballraíocht a ghlacadh i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC) agus d'éirigh leis Éire a fháil isteach ann sa bhliain 1973 tar éis reifrinn. Bhí Fraincis líofa ag Hillery agus bhí sé breá ábalta gnó a dhéanamh trí mheán na Fraincise. Ceapadh ina chéad choimisinéir Éireannach ar an EEC é. Rinne sé a lán dul chun cinn chun cearta daoine míchumasacha san ionad oibre a chinntiú, pá comhionainn do mhná a bhaint amach san ionad oibre agus oideachas a chur ar fáil go cothrom agus go forleathan do chách.

Sa bhliain 1976 insealbhaíodh Hillery ina Uachtarán ar Éirinn tar éis do Chearbhall Ó Dálaigh éirí as go conspóideach agus go hachrannach. Ba é Lynch a ghríosaigh é. Bhí Hillery ag iarraidh fanacht san Eoraip. Bhí uafás ar Hillery nuair a thuig sé go raibh pá suarach ag foireann Áras an Uachtaráin agus thug sé a thurastal féin dóibh chun a bpá a dhéanamh níos flaithiúla. Bhí dhá thréimhse aige mar Uachtarán, d'oibrigh sé ina bhealach ciúin dícheallach féin feadh an ama. Fuair Hillery bás sa bhliain 2008 ón ailse. Polaiteoir agus leasaitheoir eisceachtúil a bhí ann a bhfuil tionchar a chuid oibre le feiceáil go fóill.



## GLUAIS

Coinsias sóisialta = tuairimí láidre chun an tsochaí a dhéanamh níos cothroime
Seilbh = úinéireacht
I gcomharbacht = an duine a thagann tar éis do dhuine eile éirí as ról
Chuir sé dlús faoi = chuir sé luas leis
Cách = gach duine
Ghríosaigh sé = spreag sé
Leasaitheoir = duine a thugann leasuithe agus athruithe fadradharcacha chun cinn

## Ceisteanna

1. Cárbh as do Patrick Hillery?
2. Cén ghairm bheatha a bhí ag a athair?
3. Cén cúrsa a rinne Patrick Hillery ar an gcoláiste?
4. Cén fáth a ndeachaigh Hillery isteach sa pholaitíocht?
5. Cé a cheap Hillery ina Aire Oidechais?
6. Céard iad na leasuithe a rinne Hillery le linn dó a bheith ina Aire?
7. Cén feachtas a raibh baint lárnach ag Hillery leis?
8. Cathain a insealbhaíodh Hillery ina Uachtarán ar Éirinn?
9. Cén rud a chuir uafás ar Hillery agus é ina Uachtarán?
10. An bhfuil meas agat ar Hillery? Tabhair dhá chúis le do thuairim.

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Meaitseáil: Féach ar an bhfíseán arís agus meaitseáil na príomhfhocail ar chlé leis an míniú cuí ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **Seán Lemass** | An t-aon Uachtarán de chuid na hÉireann a d'éirigh as an Uachtaránacht |
| Cearbhall Ó Dálaigh | Duine atá tofa ag an bpobal thar cheann an phobail i bpoblacht |
| Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa | Cogadh in Éirinn leis an mBreatain chun saoirse a bhaint amach |
| Pá comhionainn | **Taoiseach agus Ceannaire Fhianna Fáil** |
| Olltoghchán | Teach Oifigiúil Uachtarán na hÉireann i bPáirc an Fhionnuisce |
| Fianna Fáil | Gnó |
| Cogadh na Saoirse | Tuarastal cothrom |
| Jack Lynch | Aontas Eorpach an lae inniu |
| Tráchtáil | Comórtas cothrom chun daoine a thoghadh le seasamh go daonlathach i bparlaimint ar son an phobail |
| Uachtarán | Páirtí polaitíochta poblachtánach a bhunaigh Eamon de Valera agus Seán Lemass |
| Áras an Uachtaráin | Taoiseach agus an duine a tháinig i gcomharbacht ar Sheán Lemass |

Ba chéim chinniúnach agus thábhachtach é d'Éirinn dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC) sa bhliain 1973. Bhí Jack Lynch agus Patrick Hillery an-lárnach sa phroiséas. Seo ocht bhfíric faoi bhallraíocht na hÉireann sa Chomhphobal:

1. Ag deireadh na 1950dí bhí geilleagar na hÉireann an-lag. Ní raibh mórán tráchtála ar bun ag an tír go hidirnáisiúnta agus bhí an tír ag brath go mór ar thalamhaíocht agus ar thráchtáil le Sasana. D'imigh a lán daoine ar imirce le linn na tréimhse sin.

2. Bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC) sa bhliain 1957 chun tíortha a thabhairt le chéile ó thaobh na tráchtála agus an ghnó de tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Ba iad na chéad tíortha a bhí sa Chomhphobal ná an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Bheilg, an Lucsamburg agus an Ísiltír.

3. Theastaigh ó Éirinn ballraíocht a ghlacadh sa Chomhphobal ar roinnt cúiseanna. Bhí an tír ag iarraidh a cuid deiseanna tráchtála a leathnú amach agus gnó a dhéanamh níos faide i gcéin. Theastaigh ó Éirinn imeacht ón nasc láidir a bhí aici le Sasana ó thaobh na tráchtála de freisin agus a bheith níos neamhspleáiche.

4. Ba é Patrick Hillery, an tAire Gnóthaí Eachtracha, a stiúraigh na cainteanna a bhí ag Éirinn leis an gComhphobal agus a bhí i gceannas ar fheachtas na hÉireann ballraíocht a ghlacadh sa Chomhphobal. Bhí Fraincis líofa ag Hillery, rud a chabhraigh go mór leis an bhfeachtas.

5. Reachtáladh reifreann sa bhliain 1972 chun ceist a chur ar Mhuintir na hÉireann ar mhaith leo dul isteach sa Chomhphobal. Ghlac os cionn 83% den daonra leis an reifreann.

6. Glacadh Éire isteach sa Chomhphobal sa bhliain 1973 in éineacht le Sasana agus an Danmhairg.

7. Chlaochlaigh an bhallraíocht an tír. Tháinig borradh faoi gheilleagar na hÉireann agus tháinig fás agus forbairt ar roinnt gnéithe de shochaí, d'eacnamaíocht agus de bhonneagar na tíre.

8. Ó shin i leith, tá an nasc idir Éirinn agus an tAontas Eorpach (mar atá anois air) an-láidir agus tá tionchar ollmhór ag an tír ar chúrsaí idirnáisiúnta dá bharr.

Earráid

San fhíseán seo deirtear gur ionann Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Náisiúin Aontaithe an lae inniu ach is ionann Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an tAontas Eorpach. Is é an tAontas Eorpach atá ceart.